Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2010**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe AS 2

*ag measúnú*

## Bainistiú Acmhainní Gnó

**[AT121]**

**DÉARDAOIN 21 EANÁIR, IARNÓIN**

AT121

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair an **dá** cheist.

**FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** codanna **(d)** agus **(e)** agus i gceist **2** codanna **(d)** agus **(e)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh agus an t-am don scrúdú á roinnt agat.

**1** Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:

## British Petroleum (BP cpt)

Is é British Petroleum, ar a dtugtar BP cpt chomh maith, an tríú comhlacht fuinnimh is mó ar domhan. Tá níos mó ná 96 000 fostaí aige in 100 tír. Ar fáil do chustaiméirí na heagraíochtaí tá breosla le haghaidh iompair, fuinneamh le haghaidh teasa agus solais, seirbhísí miondíola agus táirgí peitriceimiceacha do ghnáth-earraí.

In 2007, tháinig Tony Hayward i gceannas ar an eagraíocht agus ar an chéad rud a rinne sé d'ionsaigh sé seanchleachtas BP cpt, ag rá nach raibh an stíl údarásaíoch ceannaireachta fóirsteanach. Mar gheall air seo, tá cáilíochtaí agus iompraíochtaí nach mór do na bainisteoirí agus na ceannairí a chur í bhfeidhm, leagtha amach ag BP cpt anois.

In 2007 chomh maith, tosaíodh ar an eagraíocht a athstruchtúrú agus ar na sraitheanna inti a laghdú. D'fhág sé seo gur lú fostaithe atá ann agus baineadh úsáid as modhanna éagsúla le hoiliúint a chur ar na fostaithe a bhí fágtha. Spreagtar gach fostaí cúig lá traenála ar a laghad a dhéanamh gach bliain agus is éigean do ghrúpaí áirithe oiliúint agus gníomhaíochtaí forbartha ar leith a dhéanamh. Spreagann BP cpt na fostaithe chomh maith cloí níos faide leis an ról acu agus chun saineolas a fhorbairt i ndisciplíní ar leith. D'fheabhsaigh an eagraíocht na próisis earcaíochta inmheánacha chun tacú leis seo agus is mó baint atá ag na bainisteoirí líne i dtaca le forbairt gairme de.

Glacann BP cpt cur chuige fad-téarmach maidir le fostaíocht a choinneáil. Tá próisis i bhfeidhm le comharbas a phleanáil agus tá siad seo ina gcuidiú chun láidreachtaí an lucht oibre a mheas san am i láthair agus san am atá le teacht. Creideann BP cpt go bhfuil fostaithe nua ríthábhachtach don phróiseas seo agus cuirtear clár cuimsitheach ionduchtaithe ar fáil dóibh, mar sin. Soláthraíonn an clár seo léargas ginearálta ar BP cpt, ar an dóigh a mbíonn sé ag feidhmiú agus ar an méid is féidir le fostaithe a dhéanamh lena chinntiú go n-éireoidh leis

.

*Arna chur in oiriúint ó BBC NEWS: http://news.bbc.co.uk/go/pr/fr/–/1/hi/business/6257149.stm. Foilsithe: 2007/01/12*
*Top IT Employers, CRF, 2008.*

**(a)** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma comharbas a phleanáil. Bíodh sampla ón chás-staidéar agat le do fhreagra a léiriú. [4]

**(b)** Mínigh cad é atá i gceist ag Tony Hayward le stíl údarásaíoch ceannaireachta. [4]

**(c)** Anailísigh na buntáistí do BP cpt as clár cuimsitheach ionduchtaithe a chur ar fáil dá fhostaithe nua. [8]

**(d)** Pléigh na himpleachtaí a bhaineann le sraitheanna a laghdú i gcás comhlachta amhail BP cpt. [12]

**(e)** Meas a éifeachtaí atá dreasachtaí airgid i gcás eagraíochta amhail BP cpt. [12]

**2** Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Glasraí Baile**

Bhunaigh Seán Ó Móra gnólacht beag darb ainm Glasraí Baile ar na mallaibh, le glasraí a fhástar ina cheantar féin a ullmhú agus a phacáil. Tá 2 fhostaí lánaimseartha agus mac léinn amháin ar bhonn páirtaimseartha aige.

Sular thosaigh sé ag trádáil, rinne Seán réamhaisnéis ar shreabhadh airgid dá chéad 6 mhí trádála.

Ar an drochuair, cailleadh cuid de na sonraí óna réamhaisnéis mar gheall ar víreas ríomhaireachta, mar a thaispeántar in **Tábla 1**.

**Tábla 1: Réamhaisnéis ar shreabhadh Airgid do Glasraí Baile**

| | **Eanáir £** | **Feabhra £** | **Márta £** | **Aibreán £** | **Bealtaine £** | **Meitheamh £** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Admhálacha** | | | | | | |
| Díolacháin | 10000 | 10000 | 10000 | 10000 | 10000 | 10000 |
| **Íocaíochtaí** | | | | | | |
| Cíos | 3000 | 3000 | 3000 | 3000 | 3000 | 3000 |
| Amhábhair | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 | 1000 |
| Tuarastail | 2500 | 2500 | 2500 | 2500 | 2500 | 2500 |
| Rátaí | 5000 | 0 | 0 | 5000 | 0 | 0 |
| Leictreachas | 0 | 0 | 500 | 0 | 0 | 500 |
| Íocaíochtaí iomlána | **(i) ?** | 6500 | 7000 | 11500 | 6500 | 7000 |
| Sreabhadh airgid glan | (1500) | 3500 | 3000 | **(ii) ?** | 3500 | 3000 |
| Iarmhéid tosaigh | 3500 | 2000 | 5500 | 8500 | 7000 | 10500 |
| Iarmhéid deiridh | 2000 | 5500 | 8500 | **(iii) ?** | 10500 | **(iv) ?** |

Le linn an chéad sé mhí trádála, fuair Seán amach go raibh na luachanna ar dhíolacháin, ar amhábhair agus ar thuarastail difriúil leis na luachanna a bhí ina réamhaisnéis. Bhí sé buartha faoi na difríochtaí seo agus shocraigh sé go ndéanfadh sé anailís athraithis. Bhí a fhios aige chomh maith a thábhachtaí atá sé oibrithe a spreagadh.

**(a)** Mínigh **dhá** fháth ar chóir do Sheán réamhaisnéis ar shreabhadh airgid a dhéanamh do Glasraí Baile. [4]

**(b)** Ríomh iad seo a leanas do Glasraí Baile:

**(i)** Na híocaíochtaí iomlána do mhí Eanáir

**(ii)** An sreabhadh airgid glan do mhí Aibreáin

**(iii)** An t-iarmhéid deiridh do mhí Aibreáin

**(iv)** An t-iarmhéid deiridh do mhí an Mheithimh [4]

**(c)** Anailísigh fáthanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis na hathraithis a tharla in Glasraí Baile. [8]

**(d)** Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí do Sheán as anailís athraithis a úsáid in Glasraí Baile. [12]

**(e)** Meas a éifeachtaí atá teoiricí inspreagtha i gcás gnólachta amhail Glasraí Baile. [12]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.